



Preaseisiúint

Lucsamburg, 15 Nollaig 2021

Freagairt ar COVID-19 agus beartais aeráide i gcroílár chlár oibre iniúchóirí an Aontais

Inniu, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) a clár oibre don bhliain 2022 agus ina dhiaidh sin, ina ndéantar liosta dá réimsí straitéiseacha agus a tosaíochtaí iniúchóireachta. Déanfaidh siad réimse leathan saincheisteanna a chumhdach, agus léireofar príomhdhúshláin agus príomhábhar imní an Aontais iontu. An príomhcheist a bheidh ann ná freagairt AE ar an bpaindéim COVID-19 agus a uailmhianta maidir leis an athrú aeráide a chomhrac. Déanfaidh na hiniúchóirí grinnschrúdú ar na réimsí sin agus eile nach iad, le fáil amach an bhfuil an tAontas ag baint úsáid as airgead an cháiniócóra go héifeachtach chun a sainordú agus gealltanais a bhaint amach.

Tá tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar shaol shaoránaigh na hEorpa fós, agus leanfaidh sé orthu leis sin a dhéanamh go ceann tamaill. Idir an dá linn, tá an tAontas ag cur a n-uailmhianta i bhfeidhm maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus geilleagar níos nua-aimseartha, níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de agus níos iomaíche a bhaint amach. Dá bharr sin, tabharfar cúnamh airgeadais ón Aontas ar scála nach bhfacthas riamh do chláir téarnaimh agus do bhearta iar-COVID chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Ullmhaíodh clár oibre 2022+ CIE le haird ar na dúshláin sin go háirithe. Tá liosta ann de 79 dtuarascáil agus athbhreithniú speisialta atá beartaithe ag iniúchóirí AE a fhoilsiú sna blianta amach romhainn. Tá siad sin nasctha le réimsí tosaíochta straitéiseacha. Mar shampla, tá 16 thuarascáil beartaithe don réimse caiteachais agus beartais “Freagairt an Aontais ar COVID-19 agus ar théarnamh iar-ghéarchéime”, maidir le saincheisteanna amhail soláthar vacsaíní COVID-19 agus an ceart chun saorghluaiseachta le linn na paindéime. Foilseoidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa sraith de thorthaí iniúchóireachta maidir le Saoráid um Théarnamh agus Athléimneacht an Aontais, arb ionann í agus EUR 672.5 billiún i ndeontais agus iasachtaí a úsáidfear chun tacú le hinfheistíocht agus athchóirithe. Beidh béim á leagan ar an aistriú éiceolaíoch agus digiteach iontu freisin. Cuirfidh an Chúirt 17 dtuarascáil ar fáil faoin gceannteideal “An t-athrú aeráide, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha”, lena n-áirítear tuarascálacha maidir le bithbhreoslaí, cánachas ar fhuinneamh, iascaireacht neamhdhleathach agus iompar ainmhithe.

Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí don chlár oibre 2022+ ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a thabhairt. Tá an clár oibre iomlán ar www.eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Clúdófar go leor réimsí eile de chaiteachas agus beartas an Aontais freisin. Mar shampla, déanfaidh na hiniúcháirí grinnscrúdú ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais sa réimse tosaíochta “Slándáil agus luachanna Eorpacha”. Déanfar an méid sin, cur i gcás, trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi a dtugann an tAontas aghaidh ar bhunchúiseanna na himirce san Afraic agus trí anailís a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais an Aontais do chúram dídeanaithe sa Tuirc. D’fhéadfaí anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna inmheánacha freisin, lena n-áirítear calaois in íocaíochtaí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus smacht reachta san Aontas.

Déanfaidh na hiniúcháirí scrúdú ar phríomh-shaincheisteanna maidir le hiomaíochas gheilleagar an Aontais freisin, amhail slándáil líonraí ceallacha 5G, táirgeadh cadhnraí, agus tionscal micrishlís a fhorbairt san Aontas. Maidir le beartais fhioscacha, breathnóidh siad ar mhaoriseacht baincéireachta an Aontais go háirithe, agus ar an margadh aonair le haghaidh cistí infheistíochta.

Mar gheall ar an réimse cuimsitheach ábhar den sórt sin atá aici, leanfaidh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa le tuarascálacha neamhspleácha a chur ar fáil do shaoránaigh agus lucht ceaptha beartas an Aontais maidir le príomh-shaincheisteanna do thodhchaí an Aontais. Cuirfidh sí béim ar a n-oibríonn go maith agus tarraingeoidh sí aird ar na nithe nach n-oibríonn. Le linn 2021, d’eisigh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa 32 thuarascáil agus athbhreithniú iniúcháireachta, ar ábhair idir an comhshaol agus cánachas, idir shoghluaisteacht agus sciúradh airgid, agus idir imirce agus cearta tomhaltóirí.

Eolas cúlra

Déanann an Chúirt measúnú ar gheilleagar, éifeachtacht, éifeachtúlacht, dlíthiúlacht agus rialtacht ghníomhaíocht AE trí obair iniúcháireachta neamhspleách, ghairmiúil, agus ardtionchair. Is gné ríthábhachtach de shlabhra cuntasachta an Aontais iad a dtuarascálacha agus tuairimí iniúcháireachta, agus déanann siad páirtithe a thabhairt chun cuntais, arb iadsan atá freagrach as beartais agus polasaithe AE a chur chun feidhme: an Coimisiún Eorpach, comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus riaracháin sna Ballstáit. Ina theannta sin, cuidíonn siad le saoránaigh an Aontais a bheith níos soiléire faoin gcaoi a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Tá clár oibre 2022+ ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE eca.europa.eu i 23 theanga AE.

Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu - M: (+352) 691 551 502
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - M: (+352) 691 553 547